# Scéal, Scéal, Scéal...

## Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige





Instagram: @pleanteangachoisfharraige
Twitter: @PleanTeangaCF
Facebook: @PleanáilTeangaChoisFharraige

04 Meitheamh 2020

### OIFIGEACH CÚNTA AN FHÓRAIM

Tá Oifigeach Cúnta le ceapadh ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga. Beidh an té a fhostófar ag obair i gcomhar leis Oifigeach Pleanála Teanga Chois Fharraige, ag cur bearta Phlean Teanga Chois Fharraige chun cinn. Beidh sé/sí ag déanamh cúram ar leith don óige: ag tacú le heagrais agus le grúpaí cur le gníomhaíochtaí óige atá ann cheana féin agus ag spreagadh agus ag forbairt tuilleadh imeachtaí agus tacaíochtaí óige ó na Forbacha go Ros a' Mhíl. In oifigí gTeic sa Spidéal a bheas an tOifigeach seo lonnaithe ach beidh sé/sí amuigh go rialta i measc an phobail. Is féidir tuilleadh sonraí faoin bpost a fháil ach scríobh chuig: ptchoisfharraige@gmail.com.

12 Meitheamh an spriocdháta le hiarratas a chur isteach ar an bpost.

### DEIS MHAOINITHE

Tá Foras na Gaeilge ag glacadh le hiarratais faoi láthair mar chuid den scéim maoinithe *An Ciste Tionscadal*. Is ciste é seo atá dírithe ar réimsí oibre agus tionscadail nach bhfuil clúdaithe faoi scéimeanna Fhoras na Gaeilge agus tá idir €1,000 agus €12,000 ar fáil mar dheontas. Moltar go mbeadh cur chun cinn, cothú agus buanú na Gaeilge mar phríomhaidhm ag an tionscadal a bhfuil deontas á lorg ina leith. Is féidir breis eolais a fháil ag www.forasnagaeilge.ie

### AN GARBHÁN ÓG

Nochtaíodh an clúdach ar an 'Garbhán Óg', le deireanaí. 'Sé an ceathrú leabhar a d'fhoilsigh *Futa Fata* leis an mbeirt mhór-réaltaí i réimse na bpictiúr-leabhar, Julia Donaldson agus Axel Scheffler. 'Sé Tadhg Mac Dhonnagáin a d'aistrigh an scéal ó Bhéarla. I Mí na Samhna a fhoilseofar an leabhar féin . Tá póstaeir de chuid an gharbháin ar fáil le híoslódáil, saor in aisce ó shuíomh gréasáin *Futa Fata* faoi láthair, ag: www.futafata.ie nó glaoigh ar 091 504 612 le haghaidh breis eolais.




### OÍCHE MHAIDHC OSCAILTE




### DUAIS-AMHRÁN AS BOLUISCE!

Comhghairdeachas mór le Lorcán Ó Curraoin as Boluisce, An Spidéal a bhuaigh comórtas Iris Aniar le deireanaí lena amhrán *Le Chéile sa Troid Seo*. Iarradh ar iomaitheoirí amhrán, nóiméad amháin ar fhad a chumadh agus a thaifeadadh. Dúirt Lorcán gurb é dúshlán na géarchéime a spreag é agus gur theastaigh uaidh amhrán a chumadh a bheadh mar ábhar dóchais do mhuintir na hÉireann atá ag dul ina ghleic faoi láthair. Tá cleachtadh maith ag Lorcán ar dhomhain an cheoil. Tá spéis aige san amhránaíocht sean-nóis, chomh maith leis an bhfeadóg agus an pianó. Bronnadh dearbhán €100, don Spailpín Fánach, ar an gcumadóir óg. Roinn sé lena dhéarthaireacha é! Éist le hamhrán Lorcáin ar FB: Plean Teanga Chois Fharraige. Maith thú a Lorcáin!



### PAINÉAL FÉACHANA & ÉISTEACHTA TG4 & RTÉ RnaG

Tá athnuachan á dhéanamh ag *Fios Físe* ar a phainéal lucht féachana agus lucht éisteachta maidir le dearcadh phobal labhartha na Gaeilge i leith TG4 agus RTÉ Raidío na Gaeltachta. Cainteoirí seachtainiúla Gaeilge atá uathu don phainéal áirid seo agus tá spásanna ar fáil in aoisghrúpaí éagsúla. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag www.fiosfise.ie nó 091494631

## CAIFÉ 'S COMHRÁ

Tagann ciorcal comhrá *Caifé 's Comhrá* le chéile chuile sheachtain ar *Zúm*. Deis iontach dóibh siúd ar mhian leo Gaeilge a chleachtadh agus a fheabhsú ar bhealach neamhfhoirmeálta. Freastlaítear ar leibhéil Ghaeilge éagsúla. Tá céad míle fáilte roimh chách, níl le déanamh ach teagmháil a dhéanamh le Katie ag 083 010 6294 le bheith páirteach ann.

## SLÁN LEIS AN MBUNSCOIL

Tá leabhar ar leith, dírithe ar Rang a 6 2020, á réiteach ag Tuismitheoirí na Gaeltachta, le tacaíocht ó COGG. Beidh teachtaireachtaí sa leabhar ó bhuachaillí agus ó chailíní Rang a 6 ó cheantair Ghaeltachta na tíre faoi théamaí a bhaineann lena mblianta sa mbunscoil agus an deireadh tobann a tháinig leo. Tabharfar cóip do gach dalta agus do gach scoil a bhí páirteach. Tá muid ag súil go mór leis!




## LEABHAR SAOR IN AISCE AR LÍNE

Tá leabhar scéalaíochta agus dathúcháin nua a chruthaigh Malachy Doyle agus Andrew Whitson á chur ar fáil ag *An tSnáthaid Mhór*. Cúnamh atá ann do pháistí atá ag plé le cúinsí dúshlánacha an lae inniu. Tá an leabhar ar fáil ar líne ag: http://www.antsnathaidmhor.com/

Beidh an leabhar ar fáil saor in aisce, ar líne, go dtí 1 Iúil 2020.





## GNÍOMHAÍOCHTAÍ SA MBAILE AR LEIC AN TEALLAIGH...

Tá *Rang Beag Scríbhneoireachta le Áine Ní Ghlinn* ar fáil ar YouTube: Cló Iar-Chonnacht mar chuid de shraith fhíorúil le scileanna scríbhneoireachta a fhorbairt.





Gníomhaíochtaí baile ar fáil, ar líne, saor in aisce ó *Tuairisc.ie*




Fuair daltaí Rang a 6 ar fud na tíre teachtaireacht ón Uachtarán Micheál D. Ó hUigínn le gairid, ag guí gach rath orthu agus iad ag fágáil slán leis an mbunscoil. Is féidir an físeán a fheiceáil ag: https://president.ie/ga

Tráth na gCeist Teaghlaigh chuile Déardaoin @ 7 (FB:Glór na nGael)




Gaeilge sa Bhaile

BLOC

**Gaeilge sa Bhaile:** leathanach Facebook iontach le haghaidh acmhainní do theaghlaigh atá ag tógáil clainne trí Ghaeilge.

**Mise & Mé ag Fein-Aonrú:** sraith físeán ó BLOC le fáil ar FB: Bloc.

**Gaeilge i mo Chroí:** físeáin úsáideacha agus cabhrach dóibh siúd atá ag foghlaim na Gaeilge. Ar fáil ar YouTube.

**Má tá eolas agat ar ghníomhaíochtaí nó acmhainní ar mhian leat iad a fhógairt anseo, déan teagmháil le Katie ar 083 010 6294 nó is féidir r-phost a sheoladh chuici: optchoisfharraige@gmail.com**

## AN TÉ IS SCIOBTHA SA NGAELTACHT!

Tá Rás Fíorúil na Gaeltachta *5K Fhéile Shin Sheáin* le tarlú ar an Mháirt 23ú Meitheamh 2020 idir 7r.n. - 9i.n. 'Théis an méid spéise a léiríodh i gcomórtas reatha na Gaeltachta, le breis is 50 rannpháirtithe ann ó Chois Fharraige, táthar ag iarraidh teacht ar an duine is scioptha sa nGaeltacht! Beidh duaiseanna ar fáil don chéad, don dara agus don triú bean/fear agus don chéad bhean nó fear os cionn 50 bliain.

Iarrfar ar iomatheoirí clarú roimh an Déardaoin 18ú Meitheamh. Glaoigh ar Khatie 083 010 6294 le clárú lena aghaidh.

